

Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!



Cheerleader as Gaeilge eisithe ag Coláiste Lurgan

'Cheerleader' as Gaeilge ag Coláiste Lurgan

Bealach taitneamhach le fanacht i dtiún leis an teanga agus go háirithe i gcás daoine óga ná a bheith ag éisteacht le agus ag canadh amhráin as Gaeilge. Tá clú agus cáil bainte amach ag Coláiste Lurgan, atá lonnaithe in Indreabhán, Conamara mar choláiste samhraidh nua-aimseartha do dhéagóirí a chuireann béim ar phop-amhráin a aistriú go Gaeilge. Bíonn tionscadail éagsúla ceoil ar bun i ngach cúrsa samhraidh le comhoibriú leanúnach idir an fhoireann teagaisc agus na scoláirí. I measc na n-amhrán eisithe le físeáin spreagúil le cúpla bliain anuas ag an gcoláiste tá Amhrán na gCupán, leagan Gaeilge den Cup Song le Anna Kendrick, agus 'Wake Me Up' le Avicii.

Tá an tionscnamh ceolmhar faoi lán seoil arís an samhraidh seo agus eisíodh amhrán nua le físeán an tseachtain seo caite. 'Sioraí Spraoi' an rogha seo agus is aistriúchán é ar an amhrán Cheerleader a chuir an t-amhránaí OMI as Iamáice amach in 2012. Amhrán reige agus rap atá i gceist agus tá an-tóir ar an bhfíseán nua ar YouTube. Cian Mac Gearailt agus Stephanie Ní Uirlithe na príomh-amhránaithe ach mar is gnáthach tá na daltaí go léir a d'fhreastail ar an gcúrsa samhraidh i gColáiste Lurgan le feiceáil ar an bhfíseán. Leanfar ar aghaidh le tuilleadh amhrán a eisíúint ag deireadh gach cúrsa i rith an tsamhraidh. Dar leis an gcoláiste tá cúpla amhrán álainn eile ar an slí.

Is féidir féachaint ar na físeáin popcheoil éagsúla atá curtha i gcrích le cúpla bliain anuas ag Coláiste Lurgan ar www.youtube.com/tglurgan agus tá tuilleadh eolais ar an gcoláiste ar fáil ar www.lurgan.biz

Gluais:

taitneamhach
lonnaithe
tionscadail
eisithe
físeán
rogha
aistriúchán
tuilleadh

Glossary:

pleasant
situated
projects
released
video
choice
translation
additional



Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach,
Sráid an Choláiste,
Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Córas Poist Nua 'Eircode'

Lainseáladh Eircode, an córas nua postchóid d'Éirinn, an tseachtain seo caite. Tá gach seoladh cónaithe agus seoladh gnó ag fáil litir ina bhfuil an Eircode uathúil don seoladh áirithe sin. Níl an seoladh féin ag athrú. Níl le déanamh ach an Eircode a chur faoin líne dheireannach den seoladh reatha.

Maíonn Conradh na Gaeilge áfach go bhfuil na mílte bearna sa bhunachar nua agus go bhfuil líon suntasach de na logainmeacha atá ann faoi láthair mícheart. Nuair a fógraíodh an córas poist nua cúpla bliain ó shin, bhí lámh mór ag Conradh na Gaeilge sa bheart go mbeadh an córas neodrach ó thaobh teanga de agus nach mbeadh muintir na Gaeilge thíos le córas a bhí bunaithe ar Bhéarla amháin. Anois tá an eagraíocht,

i dteannta le heagraíochtaí Gaeilge eile, ag glooch ar an Aire Cumarsáide Alex White maoiniú a chur ar fáil chun an scéal a chur ina cheart.

Breis is céad bliain ó shin, bhí feachtas á reáchtáil ag an gConradh chun iachall a chur ar an Royal Mail litreacha le seoltaí Gaeilge orthu a sheachadadh. An tseachtain seo caite, le feistis a chaití céad bliain ó shin orthu, rinne an chéad ghlúin eile de Chonradh na Gaeilge agóid os comhair Óstán Shelbourne, áit a raibh an tAire Alex White ag seoladh an chórais nua.

Dúirt Cólín Ó Cearbhaill, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, gur scannal é an nochtadh seo agus go bhfuil muintir na Gaeilge anois cosúil le 'saoránaigh íseal-

chéime ina dtír féin'. Thug urlabhair ón Roinn Cumarsáide le fios áfach go bhfuil obair ar siúl i gcónaí ar an leagan Gaeilge de Eircode agus nach mbeadh ar dhaoine a seoltaí poist a athrú ó Ghaeilge go Béarla. Dúirt sé chomh maith nach bhfuil iachall ar éinne úsáid a bhaint as an gcóras nua. Tá gach eolas faoi Eircode le fáil ar an suíomh gréasáin www.eircode.ie

Gluais:

córas
postchóid
seoladh
uathúil
bunachar
logainm
mícheart
neodrach
agóid
saoránaigh

Glossary:

system
post code
address
unique
database
placename
incorrect
neutral
protest
citizens



Blas na Gaeltachta ag an gColáiste Samhraidh

Tháinig deireadh an tseachtain seo caite le Coláiste Samhraidh rathúil eile i gCeatharlach. Eagraithe ag Glór Cheatharlach do mhair an cúrsa ar feadh coicise agus bhain idir dhaltaí agus múinteoirí an-taitneamh as. Dob í seo an seachtú bliain as a chéile a reachtáladh an cúrsa agus is deis iontach í do dhaltaí nach bhfreastalaíonn ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht. Cuireann tuismitheoirí an-fháilte roimh an coláiste samhraidh chomh maith go háirithe i laethanta seo na géirchéime eacnamaíochta agus airgead gann i ngach teaghlach nach mór.

D'fhreastal suas le caoga déagóirí ó bhliain a haon go muintir na hardteistiméireachta

ar an gcoláiste a bhí lonnaithe i nGaelcholáiste Cheatharlach agus bhí triúr múinteoirí Gaeilge i mbun teagaisc. Chomh maith leis na ranganna Gaeilge bhí éagsúlacht iontach imeachtaí le cluichí, ceol, spraoicheisteanna agus comhrá ar chlár na coicise. Bhí blas na Gaeltachta le blaiseadh chomh maith ag na céilithe agus mar is gnáthach bhí Ballaí Luimní, lonsaí na hInse agus Baint an Fhéir ar bharr an liosta. Bhí coicís spraiúil agus tairbheach ag na rannpháirtithe uile agus iad ag cur barr feabhais ar a gcuid scileanna teanga chomh maith le aithne a chur ar chairde nua trí Ghaeilge.

Gabhann Glór Cheatharlach buíochas ó chroí leis na múinte-

oirí, daltaí agus tuismitheoirí as tacú leis an gcoláiste samhraidh bliain i ndiaidh bliana chomh maith le príomhoide an Ghaelcholáiste as áiseanna na scoile a chur ar fáil go flaitheúil. Is cinnte go reachtálfar cúrsa eile an samhraidh seo chugainn. Beidh gach eolas ar www.glorcheatharlach.ie

Gluais:

rathúil
deis
tuismitheoirí
d'fhreastal
géarchéim
gann
teaghlach
éagsúlacht
mar is gnáthach
áiseanna

Glossary:

successful
opportunity
parents
attended
crisis
scarce
family
variety
as usual
facilities

Domhnach na Cruaiche

Ar an Domhnach deireannach de Mhí Iúil déantar féile na Lúnasa a cheiliúradh. Flúirse an fhómhair a cheiliúrtar. In aimsir na bpágánach fadó théadh daoine ag dreapadóireacht ar shléibhte le bheith ard chun féachaint uathu síos ar an bhfómhar fairsing flúirseach agus buíochas a ghabháil le Dia na flúirse agus barraí an fhómhair. Theidís go barr Chruach Phádraig i gContae Mhuigheo ar an lár áirithe seo. Bhí gaol láidir ag daoine leis an dúlra. Thugaidís urraim agus ómós don dúlra.

Le teacht na Críostaíochta athraíodh an

turas seo ar Dhomhnach na Cruaiche go dtí an Chríostaíocht. Bíonn lár mór ceiliúrtha agus paidreoireachta ar Chruach Phádraig ar an nDomhnach áirithe seo. Tagann daoine ó chian agus ó chónagar chun an turas a dhéanamh agus an sliabh a dhreapadh. Téann siad cosnócht go barr an chnoic agus bíonn Aifrinntí á gceiliúradh ann i rith an lae agus na sluaite ag tarraingt ar an mbarr. Lá iontach. Lá mór solúntais agus ómóis. Ómóis atá fós sláintiúil d'áit atá beannaite ag na glúnta thar na cianta. Mar a bhíonn gach bliain is cinnte go mbeidh Cruach Phádraig

dubh le daoine ar an Domhnach seo chugainn, 26ú Iúil, Domhnach na Cruaiche.

Gluais:

Domhnach na Cruaiche
Cruach Phádraig
deireannach
flúirse
dreapadóireacht
barraí
dúlra
críostaíocht
cosnócht
beannaite

Glossary:

Reek Sunday
Croagh Patrick
last
plenty
climbing
crops
nature
christianity
barefoot
blessed

